



An Phríomh-Oifig Staidrimh  
Central Statistics Office

census  
2011  
RESULTS  
www.cso.ie

## Preas Ráiteas Press Statement

### Torthaí Daonáirimh 2011

### Próifíl 3 Ag Obair – Fostaíocht, gairmeacha agus tionscal in Éirinn.

Scaoil an Phríomh-Oifig Staidrimh an foilseachán is déanaí inniu ina sraith torthaí ó Dhaonáireamh 2011, ag léiriú go raibh os cionn 82,000 duine faoi bhun aois 25 as obair i mí Aibreáin 2011, ag tabhairt ráta dífhostaíochta de chuid 39 faoin gcéad i measc an aoisghrúpa 15-24 bliana.

Tá foilseachán an lae inniu, “*Próifíl 3 Ag Obair – Fostaíocht, gairmeacha agus tionscal in Éirinn*” [*Profile 3 At Work – Employment, occupations and industry in Ireland*], ar an tríú tuarascáil Phróifíle ag déanamh iniúchta níos mionsonraí ar thorthaí daonáirimh agus cuirtear i láthair na chéad thorthaí ar ghairmeacha agus ar thionscal mionsonraithe mar aon le tuilleadh anailíse ar an margadh saothair. Breathnaítear ar na tionscail agus gairmeacha ag dul i méid agus i léig mar aon le hiniúchadh a dhéanamh ar dhífhostaíocht i leith inimirce, oideachas agus tosca sóisialta agus déimeagrafacha eile.

Deirdre Cullen, Staitisteoir Sinsearach leis an CSO: “Déanann an foilseachán seo iniúchadh ar iliomad gnéithe den lucht saothair mar a bhí i mí Aibreáin 2011. Soláthraítear ann roinnt torthaí níos mionsonraí ar thionscail agus ar ghairmeacha mar aon le roinnt anailíse de réir náisiúntachta, cumas labhartha an Bhéarla, aicme sóisialta agus réimse staidéir. Tá béim orthu siúd a bhí as obair, go háirithe i gcás dífhostaíochta i measc an aosa óig agus an lucht cuardaigh fostaíochta céaduaire.”

Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ar shuíomh gréasáin an CSO ag [www.cso.ie/census](http://www.cso.ie/census) mar aon leis na sonraí uile atá ar fáil i raon táblaí gréasáin idirghníomhacha, a cheadaíonn d’úsáideoirí a dtáblaí féin a thiomsú trí na sonraí ar spéis leo a roghnú agus iad a íoslódáil i bhformáid atá éasca le húsáid dá gcuid anailíse féin. I gcomhar leis an Ionad Breathnaithe um Thaighde Uile-Éireann (AIRO) in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, tá sonraí daonáirimh achomair ar fáil i bhfoirm léarscáileanna téamacha do Thoghcheantair agus do Cheantair Bheaga ar shuíomh gréasáin an AIRO. Ní gá ach an nasc a leanúint ó shuíomh gréasáin an CSO.

Mar fhocal scoir dúirt Ms Cullen “Is tábhachtach an toradh ón daonáireamh iad na sonraí ceantair bhig. Foilseofar an tacar iomlán torthaí le haghaidh réimse ceantar geografach – ón Stát trí chéile síos chomh fada le cúigí, contaetha, bailte, toghranna agus ceantair bheaga áitiúla - i bhfeidhmchlár léarscáile idirghníomhach éasca le húsáid ar shuíomh gréasáin an CSO an tseachtain seo chugainn, Dé Máirt 31<sup>ú</sup> Iúil. Tá sé mar aidhm leis an bhfeidhmchlár nua seo a chinntiú go bhfuil sonraí an daonáirimh inrochtana go héasca do chách – agus do na ceantair uile ó cheann ceann na tíre – agus is tábhachtach an chéim é i ndáil leis na sonraí a thabhairt chun beogachta ar bhealach úr agus spleodrach atá sorochtana do chách.”

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh  
Bóthar na Sceiche Airde  
Corcaigh  
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath  
+353 1 498 4000

Central Statistics Office  
Skehard Road  
Cork  
Ireland

Dublin Office  
+353 1 498 4000



LoCall 1890 313 414 (ROI)  
0870 876 0256 (UK/NI)



+353 21 453 5000  
+353 21 453 5555  
information@cs0.ie  
www.cso.ie

## Buaicphointí na tuarascála

### Tionscail

Bhí an bunoidreachas ar an tionscal ina chonacthas an méadú is airde fostaíochta áit inar mhéadaigh an líon daoine i mbun oibre faoi 18,682 go 64,177. Bhí méadú 10 faoin gcéad ar an líon daoine i mbun oibre i bhfeirmeoireacht, ag tabhairt an líon daoine i mbun oibre go 80,084. Bhí 80,645 duine i mbun oibre i ngníomhaíochtaí um obair shóisialta, méadú nach mór 10 faoin gcéad ón mbliain 2006. Mhéadaigh an fhostaíocht laistigh de ghníomhaíochtaí ríomhaire agus gaolmhara faoi 15 faoin gcéad go 41,978. Bhí na hearnálacha miondíola i measc na dtionscal a chruthaigh an líon is mó fostaíochta idir 2006 agus 2011 freisin. Mhéadaigh an fhostaíocht san earnáil mhiondíola i siopaí neamh-speisialaithe, siopaí áise den chuid is mó, go 57,488 i gcaitheamh na tréimhse 5 bliana, méadú 29 faoin gcéad.

An tionscal is mó meathlaithe ba ea tógáil foirgneamh agus innealtóireacht shibhialta áit inar thit an líon daoine i mbun oibre faoi os cionn 73,000 go 43,577. San earnáil déantúsaíochta, chonacthas an meathlú is mó i ndéantúsaíocht táirgí miotail dhéanta áit inar thit an líon daoine i mbun oibre faoi nach mór 11,000 go 12,177.

### Grúpaí gairme

Ag léiriú treochtaí tionscail, bhain na gairmeacha ina chonacthas na laghduithe is mó i bhfostaíocht i bheag nó i mhór leis an tionscal tógála, le saothraithe tógála ar an ngrúpa gairme buailte is mó, ag titim faoi os cionn 70 faoin gcéad go 9,243. Mheathlaigh an líon tógálaithe agus saothraithe tógála i mbun oibre faoi os cionn leath go 8,103. I measc gairmeacha seirbhíse, thit an líon foirne beáir ó 14,103 go 11,452, meathlú 19 faoin gcéad le freastalaithe ag meathlú faoi 13 faoin gcéad go 12,269.

Bhí méadú 31 faoin gcéad i líon na múinteoirí bunscoile agus naíolainne idir 2006 agus 2011, ag tabhairt an líon daoine i mbun oibre go 40,989. Ag léiriú méadú fostaíochta láidir freisin bhí ceantálaithe, meastóirí agus ionadaithe díolacháin eile, ag méadú 76 faoin gcéad go 20,870. Bhí méadú láidir freisin ar roinnt gairmeacha bainistíochta le hos cionn 7,000 bainisteoir margaíochta breise i mbun oibre, méadú nach mór aon cheathrú agus méadú nach mór 22 faoin gcéad i líon na mbainisteoirí ginearálta i gcuideachtaí móra.

### Dífhostaíocht an Aosa Óig

Bhí os cionn 82,000 duine faoi bhun aois 25 as obair i mí Aibreáin 2011, suas ó 47,122 in 2006, agus as sin d'eascair ráta dífhostaíochta de chuid 39 faoin gcéad. Bhí na leibhéil is airde dífhostaíochta ag cathair Luimnigh agus Dún na nGall le ráta de chuid 50 agus 49 faoin gcéad faoi seach acu.

Bhí éagsúlacht suntasach maidir le dífhostaíocht san aoisghrúpa le haird á thabhairt ar leibhéil oideachais. Bhí 70 faoin gcéad dífhostaíocht ina measc siúd le hoideachas bunscoile amháin acu i gcomparáid le 18 faoin gcéad dóibh siúd le cáilíochtaí tríú leibhéal acu.

### Lucht Cuardaigh Fostaíochta Céaduaire

Bhí 34,166 duine ag lorg a gcéad phost rialta i mí Aibreáin 2011. Fir ba ea 57 faoin gcéad acu seo agus bhí os cionn 60 faoin gcéad acu idir aois 15 agus 24. Léiríonn sé seo méadú 16 faoin gcéad i líon an lucht cuardaigh fostaíochta céaduaire i gcomparáid le mí Aibreáin 2006. Neamh-Éireannaigh ba ea díreach os cionn aon cheathrú den lucht cuardaigh fostaíochta céaduaire arb chónaitheoirí de ghnáth iad.

### Náisiúntachtaí

Náisiúnaigh neamh-Éireannacha ba ea duine as gach cúigear dífhostaithe i mí Aibreáin 2011, ag freagairt do 77,460 duine san iomlán. I measc na náisiúntachtaí le huimhreacha suntasacha acu (1,000 nó níos mó) bhí an ráta dífhostaíochta ab airde ag Nigéaraigh ag 39 faoin gcéad (síos ó 45 faoin gcéad in 2006) leis an ráta is ísle ag náisiúnaigh na Sualainne ag 9.4%

Tuilleadh/...

Bhog os cionn 53,000 duine go hÉirinn sa bhliain suas go mí Aibreáin 2011 agus astu seo bhí 47,111 duine acu d'aois 15 nó níos sine, le díreach os cionn 37 faoin gcéad den ghrúpa seo arbh Éireannaigh iad. Bhí difhostaíocht i measc na n-inimirceach Éireannach aon bhliana seo ag díreach os cionn 33 faoin gcéad i gcomparáid le ráta níos ísle de chuid 26 faoin gcéad i gcás na n-inimirceach neamh-Éireannach.

## **Teanga**

I measc cainteoirí teangacha iasachta, bhí níos lú dóchúlachta ann go mbeidís siúd a labhair Béarla go maith nó go han-mhaith difhostaithe. Bhí nach mór aon trian díobh siúd nár labhair Béarla go maith nó nár labhair in aon chor é sa lucht tsaothair difhostaithe.

Bhí bialanna agus cothabháil foirgneamh agus tírdhreacha ar an dá earnáil is mó fostaíochta ina measc siúd nár labhair Béarla go maith nó nár labhair in aon chor é. D'oibrigh 12 faoin gcéad nó 4,149 duine sa ghrúpa seo mar ghlantóirí, á dhearbhu mar an grúpa gairme is mó i bhfad.

## **Oideachas**

B'ionann an meánráta difhostaíochta dóibh siúd le cáilíocht tríú leibhéal acu agus 8 faoin gcéad i gcomparáid leis an ráta difhostaíochta de chuid 19 faoin gcéad don Stát trí chéile.

Fuarthas rátaí difhostaíochta arda ina measc siúd le cáilíochtaí acu sna mínealaíona (18%), léiriú meán agus closamhairc (17%) agus seirbhísí gruaige agus scéimhe (17%). Ní raibh ach 2 faoin gcéad nó 1,072 duine astu siúd le cáilíocht altranaís tríú leibhéal acu difhostaithe.

## **Grúpa Socheacnamaíoch**

Bhí na rátaí difhostaíochta is ísle ag feirmeoirí i measc grúpaí socheacnamaíocha an daonáirimh in 2011. Bhí díreach faoi bhun 4,000 feirmeoir, nó duine agus gach fiche, difhostaithe le 6 faoin gcéad de phroifisiúnaigh níos airde agus 7 faoin gcéad dóibh siúd sa ghrúpa proifisiúnta níos ísle difhostaithe. I gcodarsnacht, bhí duine as gach triúir oibrí sna grúpaí neamhoilte agus oilte um obair láimhe as obair.

Mar a bhí i gcás an daonra i gcoitinne, bhí difhostaíocht i measc na mban níos ísle ná mar a bhí i measc na bhfear thar nach mór gach grúpa socheacnamaíoch. Ba shoiléire é seo i gcás oibrithe neamhoilte. Cé go raibh os cionn ceathrar as gach deichniúr oibrí fireann neamhoilte difhostaithe, ní raibh ach 18 faoin gcéad d'oibrithe baineann neamhoilte gan post.

## **Le haghaidh cóipeanna den fhoilseachán:**

Chun féachaint ar an bhfoilseachán agus é a íoslódáil, tabhair cuairt ar shuíomh Gréasáin an CSO ag [www.cso.ie/census](http://www.cso.ie/census).

## **Le haghaidh tuilleadh eolais, déan teagmháil le:**

Cormac Halpin ar (01) 895 1355.

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Campas Gnó Shoird, Bóthar Bhaile Anraí, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath

Fiosrúcháin Daonáirimh: (01) 895 1460

Facs: (01) 895 1399

R-phost: [census@cso.ie](mailto:census@cso.ie)

Idirlíon: [www.cso.ie](http://www.cso.ie)